

An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2026
(OR. en)

9846/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0348 (CNS)**

**FISC 204
ECOFIN 690
EPPO 26**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha a mhéid a bhaineann le rochtain ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ar fhaisnéis faoi cháin bhreisluacha ar leibhéal an Aontais - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 14 Samhain 2025, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid na Comhairle: togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann le rochtain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ar fhaisnéis faoi cháin bhreisluacha (CBL) ar leibhéal an Aontais.¹
2. Moltar sa togra go leasófarí Rialachán 904/2010², lena rialaítear comhar riaracháin idir na Ballstáit sa réimse CBL, chun an comhar idir Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus na Ballstáit a neartú. Sholáthródh sé bunús dlí chun faisnéis a mhalartú agus chun rochtain a fháil ar shonraí CBL a bhailítear ar leibhéal an Aontais, rud a chuirfeadh feabhas ar chumas an Aontais calaois a chomhrac.

¹ 15453/25.

² Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 an 7 Deireadh Fómhair 2010 ón gComhairle maidir le comhoibriú riaracháin agus calaois a chomhrac sa réimse maidir le cáin bhreisluacha (athmhúnlú), IO L 268, 12.10.2010, lch. 1.

3. Scrúdaíodh an togra sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cáin indíreach – CBL). Rinneadh roinnt leasuithe ar an togra, go háirithe chun foráil a dhéanamh maidir le coimirce breise le haghaidh rochtain ar shonraí.
4. An 5 Bealtaine 2026, tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an dréacht-Rialachán ón gComhairle³.
5. D'eisigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an Treoir ón gComhairle an 18 Feabhra 2026⁴. Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 17 Meitheamh 2026⁵.
6. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an téacs in 8887/26 (mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air) a ghlacadh mar mhír -A ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.

³ 8807/26.

⁴ Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, 'Rochtain OIPE agus OLAF ar fhaisnéis CBL ar leibhéal an Aontai', 6831/26.

⁵ Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Meitheamh 2026 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann le rochtain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ar fhaisnéis faoi cháin bhreisluacha (CBL) ar leibhéal an Aontais. https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-10-2026-0213_GA.html.